C/2024/4279

1.7.2024

CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA

an 24 Meitheamh 2024

lena leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa

(C/2024/4279)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

ag féachaint do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([1]),

ag féachaint do Riail 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 69(2) de na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([2]) ('na Bearta Cur Chun Feidhme'), tá an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith na mball foirne pearsanta a sholáthraíonn cúnamh parlaiminteach dá dtagraítear in Airteagal 29(4) de na Bearta Cur Chun Feidhme le bheith á innéacsnascadh go bliantúil ag an mBiúró ar bhonn an innéacs chomhpháirtigh arna bhunú ag Eurostat chun an t-athrú ar chostas maireachtála d'oifigigh AE ('an tInnéacs Comhpháirteach') a thomhas de bhun Airteagal 65 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([3]) ('na Rialacháin Foirne') agus i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne sin. Is gnách gurb é an Biúró a chinneann an t-innéacs-nascadh sin i mí na Nollag, agus go dtagann sé i bhfeidhm go haisghníomhach amhail ó mhí Iúil na bliana i dtrácht. Mar gheall ar an mboilsciú urghnách le blianta beaga anuas, áfach, tá gá le hoiriúnú idirmheánach.

(2) De bhun na bhforálacha thuasluaite de na Rialacháin Foirne, is é an tairseach shonrach chun nuashonrú idirmheánach a spreagadh i luach saothair oifigigh an Aontais méadú boilscithe ± 3,0 % nó níos mó don tréimhse sé mhí ón 1 Iúil go dtí an 1 Eanáir. Don tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 1 Eanáir 2024, tá an tInnéacs Comhpháirteach arna bhunú ag Eurostat socraithe ag 103.0 (+ 3,0 %). Ós rud é gurb ionann an t-athrú sin agus an tairseach 3 %, is gá uasdátú idirmheánach ginearálta a dhéanamh ar luach saothair ainmniúil oifigigh an Aontais Eorpaigh, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

(3) Baineann an t-uasdátú sin freisin le tuarastail chúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe (APAnna) na bhFeisirí, a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne. Ós rud é go n-íoctar tuarastail CPCanna ó imchlúdach na bhFeisirí le haghaidh speansais cúnaimh pharlaimintigh, is gá an t-imchlúdach sin a nuashonrú dá réir.

(4) I dtaca leis sin, tá an ráta coigeartaithe socraithe ag an gCoimisiún don tréimhse ó mhí Eanáir go dtí mí an Mheithimh 2024 ag + 3,0 %. Ba cheart, dá bhrí sin, an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith speansais um chúnamh parlaiminteach a mhéadú go EUR 29 557 le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 agus ba cheart na Bearta Cur Chun Feidhme a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 29 de na Bearta Cur Chun Feidhme, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Is é EUR 29 557 an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith na foirne pearsanta uile dá dtagraítear in Airteagal 30 le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.';

([1]) Cinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 ag glacadh Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO L 262, 7.10.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/684/oj).

([2]) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 maidir le bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO C 159, 13.7.2009, lch. 1).

([3]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2024.